Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12546/22
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0265(NLE)**

UD 182
COEST 661
WTO 174

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 445 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle **maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinniú an Choiste Comhlachais i gcumraíocht na Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a bhaineann le hIarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 445 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2022) 445 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2022
COM(2022) 445 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinniú an Choiste Comhlachais i gcumraíocht na Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a bhaineann le hIarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta**

## CEANGALTÁN

**CINNEADH UIMH. …/ ÓN gCOISTE COMHLACHAIS IDIR AE AGUS AN ÚCRÁIN I gCUMRAÍOCHT NA TRÁDÁLA**

**an xx.xx.2022**

**maidir le hIarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a leasú, ar iarscríbhinn í a ghabhann le Caibidil 5 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile**

AN COISTE COMHLACHAIS I gCUMRAÍOCHT NA TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 465(3) agus Airteagal 84 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (‘an Comhaontú’) an 21 Márta agus an 27 Meitheamh 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) Le Cinneadh Uimh. 3/2014 ón gComhairle Comhlachais AE-an Úcráin an 15 Nollaig 2014, tarmligtear an chumhacht Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an gcomhaontú a leasú chuig an Coiste Comhlachais i gcumraíocht na Trádála.

(3) Dearbhaítear i mBrollach an Chomhaontaithe gur mian leis na Páirtithe tacú leis an bpróiseas athchóirithe san Úcráin trí chomhfhogasú reachtach, lena gcuirfear le tuilleadh comhtháthaithe eacnamaíoch agus le daingniú an chomhlachais pholaitiúil.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 84 den Chomhaontú, thug an Úcráin gealltanas comhfhogasú do reachtaíocht custaim an Aontais de réir a chéile mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) den Chomhaontú.

(5) Tá forbairt shubstaintiúil tagtha ar acquis an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú ó tugadh caibidlíocht an Chomhaontaithe i gcrích. Ba cheart an fhorbairt sin a léiriú in Iarscríbhinn XV.

(6) Chun críocha an chinnidh seo, tuigfear go gciallaíonn ‘comhfhogasú’ an oibleagáid atá ar an Úcráin forálacha ábhartha dhlí an Aontais a ionchorprú i ndlí na hÚcráine agus iad a chur chun feidhme go leanúnach i gcomhréir le hAirteagal 84 den Chomhaontú (‘Comhfhogasú na reachtaíochta custaim’).

(7) Chun críocha an chinnidh seo, tuigfear go gciallaíonn comhfhogasú ‘ar bhonn na hiarrachta is fearr is féidir’ an oibleagáid atá ar an Úcráin forálacha ábhartha dhlí an Aontais a ionchorprú i ndlí na hÚcráine agus iad a chur chun feidhme go leanúnach a mhéid is féidir agus i gcás inarb indéanta é, chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 76 den Chomhaontú a bhaint amach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann le Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile.

*Airteagal 2*

Tá an cinneadh seo leagtha síos sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Úcráinis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach ceann de na teangacha sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa...,

*Thar ceann an Choiste Comhlachais i gcumraíocht na Trádála*

*An Cathaoirleach* *Na rúnaithe*

**IARSCRÍBHINN**

IARSCRÍBHINN XV

**COMHFHOGASÚ NA REACHTAÍOCHTA CUSTAIM**

**An Cód Custaim**

**Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais[1].**

Tráthchlár: déanfar an comhfhogasú d'fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 laistigh de 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cé is moite d'Airteagal 1, Airteagal 2, Airteagal 4, Airteagal 26, Airteagal 42(3), Airteagal 46, míreanna (3) agus (5)-(7), Airteagal 49, Airteagal 50, Airteagail 64 go 68, Airteagal 88(c), Airteagal 112(2) an dara fomhír agus an tríú fomhír, Airteagal 114(1), an dara fomhír agus an tríú fomhír, Airteagal 136, Airteagail 179 go 181, Airteagal 204, Airteagal 206(b), Airteagail 208 go 209, Airteagal 234 agus Airteagail 278 go 288.

Déanfar an comhfhogasú d'Airteagail 5-8, Airteagail 16 agus 17, Airteagail 18-21, Airteagail 52-55, Airteagail 56 agus 57, Airteagail 77-87, Airteagal 88(a) agus (b), Airteagail 89-111, Airteagal 112(1), (3) agus (4), Airteagal 112(2), an chéad fhomhír, Airteagal 113, Airteagal 114(2), (3) agus (4), Airteagal 114(1), an chéad fhomhír, Airteagail 115-126, Airteagail 133-135, Airteagail 137 agus 138, Airteagail 182-187, Airteagal 203(3) agus (4), Airteagal 205, Airteagail 211-213, Airteagail 218 agus 219, Airteagail 222-225, Airteagail 254 agus 255, Airteagail 261 agus 262, Airteagail 263-276 agus Airteagal 277 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ar bhonn na hiarrachta is fearr is féidir.

**Nós Imeachta Comhchoiteann maidir le hEarraí faoi Bhealach agus Doiciméad Riaracháin Aonair (DRA)**

Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le Foirmiúlachtaí i leith Trádáil Earraí a Shimpliú

Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach

Tráthchlár: déanfar an comhfhogasú d'fhorálacha na gCoinbhinsiún, dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, lena n- áirítear trí aontachas féideartha na Úcráine leis na Coinbhinsiúin sin, laistigh de 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

**Faoisimh ó dhleacht chustaim**

Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim

Tráthchlár: déanfar an comhfhogasú do Theidil I agus II de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 laistigh de 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

**Cosaint ceart maoine intleachtúil**

Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla

1 IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

Tráthchlár: déanfar an comhfhogasú d'fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 608/2013, cé is moite d'Airteagal 26, laistigh de 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Leis an oibleagáid féin comhfhogasú do Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 a dhéanamh, ní chruthaítear aon oibleagáid ar an Úcráin bearta a chur i bhfeidhm i gcás nach gcosnaítear ceart maoine intleachtúla faoina dhlíthe agus rialacháin substainteacha maidir le maoin intleachtúil.